


An Roinn Oideachais agus Scileanna

**Cigireacht Ábhair ar: Gaeilge
TUAIRISC**

**Coláiste Ráth Tó
Ráth Tó, Contae na Mí
Uimhir Rolla: 76088T**

Dáta na cigireachta: 17 Bealtaine 2013



**A N B O I N N | D E P A R T M E N T O F
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S**

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAELGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dátaí na cigireachta	16, 17 Bealtaine 2013
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu <ul style="list-style-type: none">• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha• Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí• Caidreamh le scoláirí	<ul style="list-style-type: none">• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith seacht dtréimhse ranga• Athbhreithniú ar obair na scoláirí• Aiseolas don phríomhoide, don phríomhoide tánaisteach agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhain dea-cháilíocht leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim don chuid ba mhó agus i gcásanna áirithe bhí an cháilíocht sin ar fheabhas.
- An rud a sheas amach sna ceachtanna ab fhearr ná an rath a bhí ar an gcur chuige sa teagasc leis na scoláirí a mhealladh le páirt ghníomhach a ghlacadh sa cheacht.
- Bhí obair ar ardcháilíocht le léamh sna cóipleabhair a breathnaíodh agus bhí dea-threoir le léamh sna nótaí moltacha a bhí scríofa isteach ag na múinteoirí.
- Tá soláthar den scoth ar fáil don Ghaeilge ar thráthchlár na scoile sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach.
- Tá riar na scoláirí atá ag déanamh staidéir ar an nGaeilge ag an ardeibhéal an-suntasach agus táthar uailmhianach agus ag pleanáil chun an ráta gnóthachtála san ábhar ag na gráid is airde a mhéadú.
- Tá cáilíocht na pleanála san ábhar go maith.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- I gcás na scoláirí is inniúla sa teanga moltar iniúchadh níos géire a dhéanamh ar fhocail nua agus ar nathanna ar mhaithe le naisc a dhéanamh eatarthu agus fiosracht i leith focal agus i leith na litearthachta a mhéadú.
- Is fiú go mór earráidí coitianta a dhéanann na foghlaimeoirí a chruinniú le chéile agus aird a dhíriú orthu seo i bpáirt le chéile ar mhaithe le cruinneas teanga a aibhsiú agus a roinnt.
- Moltar do na múinteoirí leanacht de chur lena gcumas féin san ábhar mar thaca le riar na ngrád is airde atá á mbaint amach ag an ardeibhéal sna scrúduithe teistiméireachta a mhéadú – aidhm atá mar chuspóir cuí ag roinn na Gaeilge.

RÉAMHRÁ

Scoil chomhoideachais de chuid Choiste Gairmoideachais Chontae na Mí is ea Coláiste Ráth Tó. 925 scoláirí atá cláraithe don scoilbhliain 2012/13. Tá an Ghaeilge mar chroí-ábhar ar chláir uile na scoile, an Teastas Sóisearach, an Ardeistiméireacht bhunaithe, an Ardeistiméireacht Fheidhmeach agus an Idirbhliain atá ina chlár roghnach.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhain dea-cháilíocht leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim i bhformhór mór na gceachtanna agus i gcásanna áirithe bhí an cháilíocht sin ar fheabhas, go háirithe mar a raibh an fhoghlaim gníomhach.
- I gcásanna ar leith a bhí le moladh féachadh i dtús ama leis an eolas a bhí ag na scoláirí féin a thabhairt chun solais, a athchoimriú agus a mholadh mar chéim thosaigh san fhoghlaim.
- Ba é a sheas amach sna ceachtanna ab fhearr ná an rath a bhí ar an gcur chuige sa teagasc leis na scoláirí a mhealladh le páirt ghníomhach a ghlacadh sa cheacht agus fianaise shoiléir a sholáthar ar acmhainneacht na scoláirí sa teanga labhartha agus ar a spéis in ábhar an cheachta. Sa chás ba laige, ba é laghad an ionchuir a bhí ag na foghlaimeoirí sa cheacht, agus laghad na ndeiseanna chuige sin, an ghné ba shuntasáí.
- Bhí an sprioctheanga in úsáid ó thús deireadh agus bhí an chuma air go raibh taithí ag na scoláirí ar an gcur chuige sin nó bhí siad go maith in ann treoracha agus ceisteanna ó bhéal a thuiscint. Bhí cruinneas cainte easnamhach sa teagasc i mbeagán cásanna.
- Bhí atmaisféar dearfach sna ceachtanna agus bhí cúrsaí smachta thar barr i mbeagnach gach cás. Sna ceachtanna ab fhearr bhí caidreamh cairdiúil le sonrú ar an bplé idir na scoláirí agus an múinteoir. Ba scileanna pearsanta agus scileanna ceistiúcháin a bhí mar bhonn leis an dea-chaidreamh seo.
- San aon chás amháin mar a d'éirigh scoláirí míshuaimhneach bhain sé sin le torthaí na foghlama gan a bheith soiléir agus obair ghrúpa gan dóthain treorach a thabhairt leis an mbeart a dhéanamh.
- Baineadh úsáid éifeachtach as acmhainní TFC i ngach ceann de na ceachtanna.
- Bhí scileanna maithe ceisteoireachta in úsáid sa teagasc agus sna cásanna ab fhearr bhí difreáil le sonrú ar na ceisteanna a cuireadh ar scoláirí éagsúla – idir cheisteanna ardoird agus ísealoird, agus méid an ama a tugadh lena bhfreagairt.
- Bhí aird ar an bhfeasacht teanga sna ceachtanna agus sna cóipleabhair. Ar mhaithe le stór foclóra na bhfoghlaimeoirí a thástáil i dtrialacha scríofa is fearr abairtí a scríobh i nGaeilge agus bearnaí a fhágáil iontu le líonadh seachas an abairt i mBéarla a bheith le haistriú go Gaeilge.
- Bhí obair ar ardcháilíocht le léamh sna cóipleabhair a breathnaíodh agus bhí dea-threoir le léamh sna nótaí moltacha a bhí scríofa isteach ag na múinteoirí.
- Breathnaíodh trialacha cainte le scoláirí i rang sa tsraith shóisearach. Bhí an cur chuige go maith. Lean na ceisteanna ar aghaidh ar bhealach nádúrtha a chothaigh caint agus smaointeoireacht as a stuaim féin seachas an fhoghlaim de ghlanmheabhair.
- I gcás na scoláirí is inniúla moltar iniúchadh níos géire a dhéanamh ar fhocail nua ar mhaithe le naisc a dhéanamh eatarthu agus fiosracht i leith focal agus i leith na

litearthachta a mhéadú. Ba chóir an léitheoireacht a chur san áireamh go mór mar straitéis dúshlánach agus taitneamhach chun stór foclóra an fhoghlaimeora a shaibhriú.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá soláthar den scoth ar fáil don Ghaeilge ar thráthchlár na scoile. Tá dáileadh cothrom ar fáil don ábhar i gcaitheamh na seachtaine agus teagmháil laethúil dá réir ag na scoláirí leis an ábhar i mbeagnach gach cás.
- Tá an Ghaeilge le feiceáil ar fud na scoile sa chomharthaíocht agus le cloisteáil sna téarmaí riaracháin atá in úsáid go laethúil ar nós ‘*caomhnóirí*’, ‘*moltóirí*’, agus ‘*dialann na scoláirí*’.
- Tá nósanna imeachta measúnachta maithe san ábhar, go háirithe an aird atá á tabhairt ar chumas labhartha na scoláirí a fhorbairt. Tá na scoláirí ar fad á gcur isteach ar an mbéaltríail roghnach sa Teastas Sóisearach.
- Táthar uailmhianach sa scoil i leith an ábhair ó thaobh gnóthachtála sna scrúduithe teistiméireachta. Tá riar na scoláirí atá ag déanamh staidéir ar an nGaeilge ag an ardleibhéal thar a bheith suntasach. Dea-chomhartha é seo ar chur chuige dearfach na scoile i leith an ábhair.
- Moltar do na múinteoirí leanacht de chur lena gcumas féin sa teanga i dtreo is go mbeidh an acmhainneacht agus an eiseamláir ann leis an gcaighdeán is airde san ábhar a bhaint amach. Tá an méid sin tábhachtach toisc go bhfuiltear ag díriú anois ar riar na ngrád A agus A1 ag an ardleibhéal a mhéadú – rud atá mar chuspóir cuí anois ag roinn na Gaeilge.
- Tá bainistíocht na scoile lán-tacúil don ábhar a chur i láthair na scoláirí le modhanna múinte agus foghlama gníomhacha a leagann béim ar leith ar shealbhú na teanga labhartha. Tugtar gach tacaíocht don fhoireann deiseanna sa bhforbairt ghairmiúil leanúnach a thapú.
- Tá imeachtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim don Ghaeilge le moladh go mór.
- Tá tuiscint mhaith ann ar acmhainneacht agus ar úsáid TFC chun an Ghaeilge a chur chun cinn sna meáin a thaithíonn na scoláirí. Dá chomhartha seo an clár spóirt agus spraoi a taifeadh sa scoil agus a craoladh ar TG4 go gairid roimh an gcigireacht ábhair agus an suíomh gréasáin scoile don Ghaeilge atá á fhorbairt ag scoláirí na hÍdirbhliana.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Tá cáilíocht na pleanála san ábhar go maith. Tá iarrachtaí réasúnta déanta san obair phleanála ar mhaithe le cuspóirí foghlama a cheangal le topaicí na siollabas Gaeilge. Moltar iniúchadh a dhéanamh ar thorthaí foghlama sa sonrúchán nua don Bhéarla sa tSraith Shóisearach mar spreagadh sa réimse seo.
- Tá fíis dhearfach uailmhianach ag roinn na Gaeilge do cháilíocht an teagaisc agus na foghlama san ábhar. Tá an teagasc foirne agus piarmheasúnú á gcur chun cinn sa roinn mar straitéisí chuige sin.
- Is maith an rud cúram an chomhordaitheora a bheith á ghlacadh ar láimh ag na múinteoirí ar fad ar a seal. Moltar go ndéanfadh an comhordaitheoir téama feabhsúcháin san ábhar, maraon le straitéis lena bhaint amach, a chomhaontú le baill eile na roinne agus a athbhreithniú i bpáirt in imeacht a théarma oifige.

- Moltar pleanáil a dhéanamh chun na scoláirí a thabhairt isteach níos mó san athbhreithniú ar ghnóthachtáil i scileanna éagsúla na teanga ar mhaithe le foghlaimoirí neamhspleácha a chothú. Is fiú an pas teanga a chur san áireamh mar chéim sa treo seo.
- Moltar réim teanga agus foclóra a chur le chéile, ar bhonn comhoibríoch, i measc na roinne a bheadh cuí do na foghlaimoirí i ngach bliain dá gcúrsa léinn. Tionscadal leanúnach é seo a d'fhéadfaí a leasú agus a fhorbairt in imeacht ama.
- Agus an litearthacht á cur chun cinn ar bhonn scoile uile, is fiú cur leis an ábhar léitheoireachta taitneamhach sa Ghaeilge atá ar fáil agus tionscnaimh chruthaitheacha a fheidhmiú chun an léitheoireacht neamhspleách sa Ghaeilge a chur chun cinn.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide, leis an bpríomhoide tánaisteach agus leis na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.